

Polasaí
Sláinte agus Sábháilteachta
Ghaelscoil Bhaile Brigín.

Teideal

Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta Ghaelscoil Bhaile Brigín (GSBB)

Ráiteas Tosaigh:

Cuireadh an polasaí le chéile i gcomhairle le pairtnéirí uile GhSBB – an bord, an fhoireann agus na tuismitheoirí. Tá Gaelscoil Bhaile Brigín tiomainte de shláinte agus sábháilteacht na foirne, na daltaí agus aon duine a oibríonn san áit a chosaint. Tá sláinte agus sábháilteacht mar chroílár d'éiteas Ghaelscoil Bhaile Brigín.

Cuireadh an polasaí seo le chéile ar dtús de bharr nach raibh a leithead ag an scoil in 2009-10. Tá géarghá go mbeadh ráiteas sábháilteachta scríofa ann agus go gcinntítear go gcuirtear i bhfeidhm agus go ndéantar monatóireacht ar ábhar an pholasaí.

Rinneadh aithbhreithniú ar an bpolasaí seo le linn Márta 2014-.

Rinneadh aithbhreithniú ar an bpolasaí seo le linn Márta 2015

Rinneadh aithbhreithniú ar an bpolasaí seo le linn MF 2016

Rinneadh aithbhreithniú ar an bpolasaí seo le MF 2017

Rinneadh aithbhreithniú ar an bpolasaí seo sa chéad téarma i 2020-21

Rinneadh aithbhreithniú ar an bpolasaí seo sa dara téarma 2021-22

Réasúnaíocht

Is ceanglas dlíthiúil é faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, ar gach fostóir, i gcomhar leis na fostaithe, Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta a ullmhú. Léiríonn sé tiomantas an Bhoird Bhainistíochta do shláinte agus sábháilteacht, agus sonraíonn sé an bealach, an t-eagrú agus na hacmhainní atá riachtanach chun caighdeán sláinte agus sábháilteachta a chothabháil agus a athbhreithniú.

De bharr an cheanglais dhlíthiúil seo, tá an Bord Bainistíochta tar éis a chlár sláinte agus sábháilteachta a bhreacadh síos agus a chur ar fáil do gach fostaí, do sholáthróirí seachtracha seirbhíse agus do Chigirí an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta. Tá an Bord Bainistíochta tar éis a ról maidir le 'dualgas cúraim' sa scoil a mheas freisin, agus tá seo mar chuid lárnach d'aon pholasaí Sláinte agus Sábháilteachta.

Gaolmhaireacht le spiorad sainiúil na scoile

Cuireadh an polasaí seo le chéile le cinntiú go gcuirfidh an Bord Bainistíochta ionad oibre agus timpeallacht foghlamtha slán agus sábháilte ar fáil do gach ball de phobal na scoile.

Aidhmeanna

Tá sé i gceist ag an scoil na rudaí seo a leanas a bhaint amach go hidéalach leis an ráiteas seo:

- timpeallacht scoile shábháilte agus shláintiúil a chruthú trí ghuaiseacha agus na rioscaí a mbaineann leo a aithint, agus a chosc agus trí aghaidh a thabhairt orthu
- cinntiú go dtuigtear dualgas cúraim na scoile i leith daltaí
- an pobal scoile a chosaint ó thimpistí ag an ionad oibre agus drochshláinte ag an obair
- cur síos a dhéanamh ar nósanna imeachta agus cleachtais atá i bhfeidhm chun córais shábháilte oibre a chinntiú msh druill tine/dáileadh leighis srl
- déanamh de réir na reachtaíochta sláinte agus sábháilteachta ábhartha uile (chomh fada agus is indéanta go réasúnta) lena n-áirítear na réimsí seo a leanas
- Ionad oibre sábháilte a chur ar fáil do na fostaithe uile – múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, rúnaí, airíoch &rl.
- Cinntiú go bhfuil na fostaithe inniúil agus go mbainfidh siad úsáid as cleachtais shábháilte oibre
- Bealaí sábháilte isteach agus amach
- Láimhseáil agus úsáid shábháilte substaintí agus trealamh guaiseach
- Trealamh sábháilte lena n-áirítear cothabháil agus úsáid cosaintí cuí
- Trealamh cuí féinchosanta a chur ar fáil
- Aird an ndaltaí a dhiriú ar an tábhacht de bheith cúramach agus eolach faoi guaiseacha
- Timpeallacht shlábháilte a chur ar fáil do dhaltaí na scoile.
- Oifigeach Sláinte agus Sábháilte ar son na scoile. Beidh dualgas ar an oifigeach seo a bheith eolach maidir le gnéithe sábháilte sa scoil agus an Bord a choinneáil ar an eolas futhú. É sin ráite áfach, tá sé tábhachtach a thabhairt san áireamh go bhfuil dualgas ar gach ball den bhord agus den fhoireann maidir leis seo agus a ról i gcloí leis an bpolasaí seo agus dea-chleachtais eile na scoil.

Freagrachtaí an fhostóra – an Bord Bainistíochta (*Féach Solas, Nollaig 2005*):

Ionad oibre atá sábháilte a chur ar fáil agus a chothabháil agus an rud céanna a dhéanamh don mheaisínre agus trealamh uile etc.

Gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú chun sábháilteacht, sláinte agus leas fostaithe a chinntiú
 Cinntiú go ndéantar rioscaí a mheas agus go bhfaightear réidh le guaiseacha nó go n-íoslaghdaítear iad a mhéid is indéanta go réasúnta

Ráiteas sábháilteachta a ullmhú agus é a thabhairt chun dáta go rialta, go háirithe nuair a tharlaíonn athruithe suntasacha nó nuair nach mbíonn an measúnú riosca bailí níos mó
 Saoráidí leasa maithe a chur ar fáil agus a chothabháil d'fhostaithe

Nósanna imeachta a ullmhú agus a thabhairt cothrom le dáta chun déileáil le héigeandáil agus na nósanna imeachta sin a chur in iúl do na fostaithe

Duine inniúil a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmeanna an Bhoird maidir le Sláinte & Sábháilteacht. Tá **Gary Hitchcock** mar an oifigeach sláinte agus sábháilteachta sa scoil.

Oiliúint agus eolas a chur ar fáil d'oibríthe i bhformáid agus teanga chuí, lena n-áirítear oiliúint nuair a thosaíonn siad ag an obair. Déanfaidh Clodagh Ní Mhaoilchiaráin seo a chomhordnú.

Timpistí dáiríre a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta

Comhchomhairle bhliantúil a dhéanamh leis na fostaithe agus baill eile de phobal na scoile agus faisnéis a thabhairt dóibh maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas

Éileamh ar fhostóirí a chuireann seirbhísí ar conradh ar fáil ráiteas sábháilteachta suas chun dáta a choinneáil

Freagrachtaí na bhfostaithe:

Baineann sláinte agus sábháilteacht le gach aon duine. Mar oibrí tá dualgais dhlíthiúla agat atá deartha chun tú féin agus na daoine a n-oibríonn tú leo a chosaint (*Solas, Nollaig 2005*).

Áirítear ar na freagrachtaí:

Gan a bheith faoi thionchar ól mheisciúil a mhéid a chuireann sé isteach ar do shábháilteacht féin nó sábháilteacht do chomhghleacaithe. Glacadh le tástálacha le haghaidh ól méisciúil de réir mar a ghlactar agus nuair a ghlactar le rialacháin a shonraíonn nósanna imeachta tástála Comhoibriú le fostóir nó daoine eile chun a chinntiú go gcuirtear an dlí um Shláinte agus Sabháilteacht i bhfeidhm

Gan aon iompar mícheart a dhéanamh a chuirfidh tú féin nó aon duine eile i mbaol Freastal ar oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta agus aon trealamh ag an obair a úsáid i gceart Úsáid a bhaint as na héadaí agus an trealamh cosanta a chuirtear ar fáil Aon chleachtas nó coinníoll dainséarach a bhfuil tú ar an eolas faoi a thuairisciú do dhuine cuí

Gan chur isteach ar aon trealamh sábháilteachta ag d'ionad oibre agus gan é a mhí-úsáid Má tá aon ghalar nó breoiteacht ort a mbaineann riosca méadaithe leis, é a rá le d'fhostóir.

Tá dualgas dlíthiúil ar gach fhostaí cloí leis an bPolasaí Sláinte agus Sábháilteachta. Má sháraíonn aon bhall foirne an polasaí d'fhéadfaí leas a bhaint as an bpróiseas chuí a bheith mar thoradh air. (féach polasaí)

Teidlíochtaí ionadaí sábháilteachta (*Alt 25 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair 2005*):

Tá an ceart ag an ionadaí sábháilteachta:

Ionadaíocht a dhéanamh ar fhostaithe ag an ionad oibre i gcomhairle leis an bhfostóir ar ábhair a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht

Iniúchadh a dhéanamh ar an ionad oibre ar sceideal comhaontaithe leis an bhfostóir nó láithreach má tharlaíonn aon timpist, eachtra dainséarach nó dainséar nó riosca láithreach do shábháilteacht, sláinte agus leas aon duine

Oiliúint chuí a fháil

Iniúchadh a dhéanamh ar thimpistí agus eachtraí dainséaracha

Iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin déanta ag fostaithe

Bheith in éineacht le cigire atá ag déanamh iniúchta ag an ionad oibre

Ionadaíocht a dhéanamh leis an bhfostóir ar ábhair a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas

Ionadaíocht a dhéanamh le cigire agus faisnéis a fháil uaidh/uaithi

Comhchomhairle agus idirchaidreamh a dhéanamh le hionadaithe sábháilteachta eile atá ag tabhairt faoin rud céanna

Is é Gary Hitchcock, airíoch na scoile, an t-Oifigeach Sláinte agus Sabháilte ag an scoil

Measúnú Riosca a Dhéanamh

Gach bliain, ní mór don Bhord Bainistíochta measúnú riosca a dhéanamh, chun guaiseacha a aithint, na rioscaí a mheasúnú agus na gníomhartha atá riachtanach chun fáil réidh leo nó chun iad a

íoslaghdú a shonrú. D'fhéadfadh guaiseacha fisiciúla, sláintiúla, bitheolaíocha, ceimiceacha agus daonna a bheith i gceist leis na guaiseacha sin.

Baintear úsáid as as Treoirlínte ar Bhainistiú Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa i mBunscoileanna, deartha ag an HSA chun an measúnú riosca a dhéanamh. Tosaíodh ag úsáid an chreatlaigh seo i 2020. Cabhróidh sé leis an mBord Bainistíocht a chinntiú go bhfuil dualgais reachtúla an bhoird á chomhlíonadh ó thaobh Sláinte agus Sábháilteachta de.

De thoradh an mheasúnaithe riosca, cuirtear Plean Gnímh ar fáil don Bhord Bainistíochta le guaiseanna aitheanta agus plean oibre chun dul i ngleic leo. Mar chuid den phlean gnímh, aimnítear gníomhaire agus cuirtear fráma ama leis an gníomh a bheith curtha i gcrích.

Tá leabhar ar fáil taobh amuigh den Oifig gur féidir le múinteoirí guaiseanna a aithníonn siad a chur ann. Tugann airíoch na scoile, i gcomhairle leis an mBainistíocht faoi na guaiseanna seo a leasú.

Tá an Bord Bainistíochta tiomanta d'ionad oibre sábháilte a chur ar fáil agus chuige sin déanfar plean gnímh ag eascairt as measúnú riosca a dhéantar chun na guaiseanna a shárú.

Má dhéantar polasaithe a leasadh nó cinn nua a dhearadh de bharr mheasúnaithe, tá dualgas ar bhaill foirne cloí leo.

Sa chás go dtarlaíonn timpiste dáiríre, déanfar measúnú riosca le haithint an bhfuil easnaimh nó laigeachtaí i gcleachtais na scoile agus má aithnítear a leithead go gcuirfí leis an bplean gnímh iad chun na guaiseanna aitheanta a shárú. Bainfeadh úsáid as an teimpléad thíos (Aguisín 2) chun sin a dhéanamh.

Déanfar Measúnú Riosca iomlán gach Mean Fómhair le cinntiú go bhfuil ionad oibre agus timpeallacht scoile sábháilte ar fáil do fhostaithe agus dhaltaí na scoile.

SAMPLA:

Aithint Guaiseacha, Measúnú Riosca agus Gníomh (Gníomhartha) a Rinneadh					
Guaiseacha/ Contúirtí	Riosca Íseal/ Meánach/ Ard	Riosca do dhaoine	Gníomh a Rinneadh	Dáta	Duine freagrach
Urláir le tíleanna sna dorchlaí a bhíonn sleamhain nuair atá siad fliuch	Íseal	Titim	Mataí curtha sa dorchla agus ag gach doras isteach	Samhain '05	Airíoch agus Cisteoir an Bhoird Bhainistíochta
Ábhair ghlantacháin stóráilte faoi dhoirteal an tseomra ranga	Meánach-Ard	Ite ag leanaí	Bogtha go háit stórála eile	Nollaig '05	Príomhoide agus lucht glantacháin
Iompar ionsaitheach nó foréigneach ag	Meánach-Ard	Díobháil choirp nó drochshláinte	Cód Iompair, Polasaí Frithbhulaíochta, caidrimh dhearfacha foirne,	Meán Fómhair '05	Pobal scoile

fostaithe, daltaí nó tuismitheoirí			Nós imeachta gearáin a chur i bhfeidhm (Lámhleabhar CPSMA)		
---------------------------------------	--	--	--	--	--

Mar chuid den chur chuige ginearálta maidir le sábháilteacht, ní mór polasaithe & cleachtais eile a mbíonn tionchar acu ar shábháilteacht, sláinte agus leas a chur i bhfeidhm agus a chur in iúl d'fhostaithe, do dhaltáí, do thuismitheoirí agus do dhaoine eile a bhíonn ag baint úsáid as an áitreabh. Tugtar roinnt eiseamláirí thíos. Ní mór monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a thabhairt suas chun dáta go rialta e.g. iniúchadh bliantúil ar shábháilteacht dóiteáin nó iniúchadh ar an timpeallacht scoile (*Féach ar na haguísíní*).

Déanfar meas ar shláinte agus sábháilteacht nuair atá aon pholasaí/plean á dhearadh e.g. Corpoideachas, Amharcealaíona, Turasanna Scoile etc. Ní mór ár ndualgas cúraim a mheas freisin i ngach réimse agus gné den saol scoile.

Ó 2020/21 baintear úsáid as Treoirlínte ar Bhainistiú Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa i mBunscoileanna chun an measúnú riosca a dhéanamh. Tugann séo deis don guaiseanna a aithint agus córais a chur i bhfeidhm chun baol na nguaiseanna a laghdú.

Coinnítear toradh an mheasúnaithe riosca, mar aon leis an bplean gnímh a eascraíonn i gcomhad scoile.

Nósanna imeachta chun déileáil le héigeandála:

- Nósanna imeachta um theagmháil éigeandála
 - Déantar uasdátú bliaintiúil ar shonraí teagmhála. Cuirtear nóta sa nuachtlitir ag tús gach bliain le cur i gcuimhne do thuistí an tábhacht a mbaineann le sonraí uasdátaithe a bheith ag an scoil agus gurb orthú atá an dualgas a chinntiú go ndéantar amhlaidh. Is féidir le thuismitheoirí/caomhnóirí é seo a dhéanamh tríd Aladdin. Coinnítear an teolas seo i bhfillteán na ndaltaí agus tugtar liosta don mhúinteoir ranga le sonraí teagbhála an ranga. Coinnítear bunchóip de seo san oifig gar don fón. Tá teacht ag an bhfoireann ar na taifid seo. Tá an t-eolas seo ar fad ar fáil go leictreonach ag múinteoirí chomh maith tríd Aladdin.
 - I gcás éigeandála, déantar teagmháil le thuismitheoirí. Muna bhfuil teacht ar thuisti, déantar gach iarracht teagmháil leo siúd atá ainmnithe mar Loco-Parentis. (Is gá 3 a bheith ainmnithe ar chóras Aladdin, idir thuismitheoirí/caomhnóirí/loco-parentis) Munar féidir teacht ar aon duine, déanfaidh an scoil teagmháil leis na húdaráis chúí msh dochtúir, ach amháin má tá a mhalairt curtha **i scribhinn** ag thuismitheoirí.
- Nósanna imeachta cleachtais dóiteáin agus aslonnaithe scoile (Féach lgh 45-49 Treoirleabhar maidir le hÁrachas, Sábháilteacht agus Slándáil sa Scoil, Church and General)
 - Déantar druil tine faoi thrí sa bhliain. Déantar iad i Mí Meán Fomhair chun é a mhúineadh do dhaltáí/fhoireann nua agus le cur i gcuimhne de shean daltaí. Déantar é arís tar éis saoire na Nollag agus na Cásca.
 - Cuirtear foireann agus daltaí ar an eolas maidir le pointí tionóil ainmnithe i ndiaidh aslonnú an fhoirgnimh. Cuirtear an fhoireann ar an eolas sa chéad chruinniú foirne den bhliain agus cuirtear na daltaí ar an eolas tríd an druil agus taispeánann an múinteoir ranga iad.
 - Tá na nósanna imeachta aslonnaithe ar thaispeáint i ngach rang agus ag pointí teacht isteach agus imeacht amach.
 - Déanfar aithbhreithniú ar na nósanna seo ar bhonn bliaintiúil nó níos minicí más gá –

- Cuirtear foireann agus daltaí ar an eolas maidir leis na cleachtais seo tríd cruinnithe foirne agus iondúchtú múinteoirí (an fhoireann) agus tríd múinteoireacht ranga agus an Tionóil.
- Níos Imeachta um Thimpist Dháiríre & Foirm um Thuairisc a Dhéanamh ar Thimpist (Féach Lámhleabhar Bhaill an Bhoird Bhainistíochta CPSMA):
Ní mór tuairisc a dhéanamh don HSA i leith or tárluinti de na cineálacha seo a leanas:
 - Timpiste a chúisíonn bás fostaí nó duine féinfhostaithe sa chás gur tharla sé le linn dó nó di a bheith fostaite
 - Timpiste a tharla le linn dó nó di a bheith ag obair agus a chuireann bac ar dhuine fostaite nó féinfhostaithe gnáthdhualgais a c(h)uid fostaíochta a dhéanamh ar feadh níos mó ná 3 lá féilire gan dáta na timpiste a chur san áireamh
 - Timpist a tharlaíonn do dhuine nach n-oibríonn san áit, arna cúiseamh ag gníomhaíocht oibre a chúisíonn bás nó cóireáil leighis
 -
- Polasaí ar eachtra criticiúil – Déan tagairt do ‘Ag Freagairt do Theagmhais Chriticiúla’, ‘Pacáiste Comhairle agus Faisnéise do scoileanna NEPS’
 - Féach polasaí na scoile
- Dúnadh Eisceachtúla
 - I gcás dúnadh eisceachtúla cuirfear na tuistí ar an eolas tríd an gcóras téacsála agus tríd Aladdin. Cuirfear nóta ar shuíomh na scoile agus tríd Twitter na scoile. . Munar féidir teacht ar thuistí, rachfar i dteagmháil leo siúd atá ainmnithe mar Loco-Parentis.
 - Cuirfear an ROS ar an eolas tríd an gcigireacht.
 - Cuirfear Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ar an eolas agus pléfar na cúiseanna leis.
- **Saincheisteanna sláinte**
- Foirm Chlárúcháin
 - Tá cuid ann a ligeann do thuismitheoirí alléirgí/breuiteachtaí an dalta a aithint.
- Saincheisteanna sláinte ar leith a bhainistiú
 - Cuirtear an fhoireann ar an eolas maidir le saincheisteanna sláinte a bhaineann le daltaí ar leith tríd ar bhealach discréideach, measúil. I gcás gur gá don fhoireann ar fad a bheith ar an eolas, déanfar é seo le tuiscint agus meas. Tá córas i bhfeidhm ar Aladdin chun saincheisteanna maidir le cúrsaí leighis a roinnt.
 - I gcás go bhfuil a leithead de diabetes/anaphalaxia srl i gceist, iarrfar ar thuistí traenáil a chur ar fáil dóibh siud ar an bhfoireann atá sásta leigheas a dháileadh. cruinnithe leis an bpríomhoide nó/agus tuistí nó tríd cruinnithe foirne – ag braith ar an gcás.
- Riaradh Leighis – Féach an Polasaí Dáileadh Leighis

- Breoiteacht nó Gortú
 - Nuair atáthar ag plé le páiste atá breoite nó gortaithe, déanfaidh an fhoireann a chinntiú chomh fada agus gur féidir go bhfuil an páiste compordach. Má shileann an múinteoir gur choir don leanbh dul abhaile, rachfar i dteagmháil leis na tuistí. Sa chás seo, ba choir nóta a dhéanamh de sa “Leabhar Poncúlachta” san oifig agus an príomhoide a chur ar an eolas a luaithe is gur féidir.
 - Tá an Bord sásta maoiniú a dhéanamh don fhoireann traenáil a fháil sa gharchabhair ach cúrsa a bheith ar fáil. Tá 3 bhall foirne oilte mar “First Aid Responders”. Cuirtear oiliúint uasdáthaithe ar fáil de réir mar is gá. Coinnítear cóipeanna san aghallteán Sláinte agus Sábháilteachta.
 - Cuirfear i gcuimhne do thuistí ar bhonn rialta maidir le nósanna clóis msh má tá do pháiste ró-tinn le dul amach ar an gelós, go bhfuil seans mór ann go bhfuil siad ró-thinn a bheith ar scoil – chuige sin, nach bhfuil sé de nós sa scoil go gcoinnítear páistí istigh ag am loin ach amháin go bhfuil cnámh briste nó a leithead.
 - Tá múinteoir amháin ar an gelós gach lá sa halla chun plé le timpistí sa chlós agus chun maoirseacht a dhéanamh ar na leithris le linn na sosanna. Déanann an múinteoir a choinneáil nuair is cuí. Tuairiscíonn an múinteoir ar an gelós ar ais chuig an múinteoir ranga. Más gá, déanann an múinteoir ranga teagmháil le tuistí/caomhnóirí.

Tagairt úsáideach do threoirlínte garchabhrach is ea *Guidelines/First Aid Chart* na Roinne Sláinte atá le fáil san oifig.

- Breoiteachtaí agus galair thógálacha, an bhruitíneach dhearg, deilgneach etc: Féach ar ‘Galair tógálacha sa Bhunscoil: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (H.S.E)
- Míolta cinn: Féach Polasaí na Scoile
- Tástáil súl: cuirfidh an Bord Bainistíochta maoiniú ar fáil do mhúinteoirí/muintir na hoifige le haghaidh tástáil súl (ceann amháin in aghaidh na bliana) má theastaíonn sé de thoradh ar bheith ar scáileán ar feadh tréimhí fada rialta.

- **Sláinteachas scoile**

- Tá uisce te agus fuar ar fáil sa scoil. Tá uisce te ar fáil sa chistin ón mburco agus óna buachraí. Níor choir go mbeidh aon pháiste sa scoil ag plé le huisce te. Tá gallúnach ar fáil ag na leithris agus tá tuailí páipéir ar fáil. Tá freagracht ar an airíoch maidir leis na tuailí. Tá freagracht ar na glantóirí a chinntiú go bhfuil gallúnach agus páipéar leithris sna seomraí ranga agus leithris.
 - Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcoinnítear timpeallacht na scoile glan – na seomraí ranga, na leithris, an clós, bailiú bruscair srl. Sa seomra ranga cuirtear úinéireacht roinnte chun cinn. Ba choir na seomraí ranga a fhágáil glan i gconaí – go bpioctar suas páipéar/bruscar agus go gcuirtear siar na cathaoireacha ag deireadh an lae.
 - Níor choir go mbeadh níos mó ná páiste amháin ag an am scaoilte le dul go dtí an leithreas le pleidhcíocht a sheachaint. Cabhróidh sé seo leis na leithris a choinneáil glan.

- Déanfar na húrálair a mhopáil taobh amuigh d'am scoile chun baol timpistí a sheachaint. Déanfar na húrálair a snasadh le linn saoire chun an sleamhan a sheachaint.
- Itheann daltaí a gcuid loin taobh istigh ach aháin agus iad ar an mbealach chun an chlós gur féidir leo bia a thógáil leo nach bhfuil aon bhruscar ag baint leis msh ceapaire.
- Tá na glantóirí i mbun an bhruscair a chur amach
-
- Garchabhair – Féach thuas
- Ag Ithe go Sláintiúil: Tá polasaí loin sláintiúil i bhfeidhm sa scoil ón gcéad lá ariamh. Níl aon chead ag aon daltaí criospaí, milseáin, brioscaí, seacláid d'aon shaghas a ithe agus deochanna coipeacha a ól. Ón taithí atá againn, oibríonn daltaí níos fearr nuair atá siad ag ithe go sláintiúil agus tá muid ag cur ithe sláintiúil chun cinn – rud a sheasfaidh dóibh amach anseo.
- Uisce
- Tá uisce óil ar fáil sa scoil don fhoireann agus do na daltaí i ngach seorma ranga agus sa seomra foirne
 -
- Éadaí/cosaint
 - Uachtar gréine – moltar go tuistí go gcuirfear seo ar pháistí nuair atá an aimsir go maith
 - **Saincheisteanna sábháilteachta agus leasa**

Daltaí

- Daltaí a Thionóil agus a Scaoileadh
 - Osclaítear doirse na scoile ag 8.50. Bíonn cead ag na daltaí dul sna línte sa chlós ó 8.45 (R.3-6). Ní féidir le tuistí a bheith leo. Bíonn na naíonáin agus Rang 1 i línte taobh leis an scoil agus rang 2 ar an Quad. Ní féidir le daltaí NB-R2 bheith ann gan tuismitheoir roimh 8.45. Bíonn M. Clodagh ar an gclós le rang 3-6 ó 8.45 Bailíonn an múinteoir ranga iad ón gclós ag a 8.50. Ag deireadh an lae, siulann an múinteoir ranga an go dtí an doras/geata, áit a mbailíonn na tuistí iad. Is gá don mhúinteoir fanacht go dtí go bhfuil na daltaí ar fad bailithe.
 - Na nósanna imeachta a bhíonn i gceist chun sábháilteacht daltaí ar thailte/thimpeallacht na scoile a chinntiú ná go mbaintear úsáid as doirsí faoi leith do ranganna faoi leith chun plódú a sheachaint.
- Daltaí ag fágáil áitreabh na scoile i rith an lae scoile e.g. coinne fiaclóra nó dochtúra
 - Bailíonn tuiste/caomhnóir daltaí ón bhFáitiú, tar éis dóibh iad a shiniú amach ag an Oifig.. Bailíonn Aisling nó ball foirne eile iad ón rang.
 - Ba choir do thuistí/chaomhnóir nóta a chur chun na scoile má tá dalta ag imeacht luath nó munar an tuiste atá á mbailiú.
 - Déantar taifead laethúil ar Aladdin maidir le tinreamh. Líontar cúis an asláithreachta ar Aladdin, fiú iad siúd gan chúis. Tá nóta/teagmháil de dhíth chun gach ásláithrecht a mhiniú. Is féidir le tuismitheoir nóta/rphost nó

glaoch a chur nó is féidir leo míniú a chur isteach ar Aladdin iad féin. Féach an polasaí tinrimh

- Feitheoireacht Daltaí: Féach www.allscoil.ie
 - I gcás go mbíonn múinteoir as láthair, ba choir an príomhoide a chur ar an eolas faoin 8.00 ar maidin, ar a dhéanaí, chun deis a thabhairt di teacht ar ionadaí. Ba choir go mbeadh teacht éasca ag an bpríomhoide ar nótaí an oide ranga i gcás ásláithreachta gan choinne. Chuige sin, tá fillteán san oifig leis an liosta ranga agus 2 lá oibre, dóthanach.
 - De bharr Covid-19 i mbliana ní bheidh ranganna á roinnt agus chuige sin beidh nótaí an mhúinteora de dhíth don ionadaí nó don mhúinteoir tacaíochta a bheidh ag clúdú. Tá cinneadh le déanamh maidir leis seo ach treoir na Roinne cuí chuige.
 - Tá fillteán na n-ionadaithe réitithe ar bhord gach múinteoir le gnásanna ranga agus scoile a mhíniú. Ba cheart a chinntiú go bhfuil sé suas chun data i gconaí.
 - Sa chás go bhfuil a fhios ag an múinteoir go mbeidh sé/sí as láthair, msh lá cúrsa/coinne srl is gá obair a leagan amach.
 - I gcás go bhfuil an múinteoir ar an gclós an lá seo, ba choir dó/dí athrú le múinteoir eile.
 - I gcás ásláithreachta gan choinne, leanfar an córas atá leagtha amach sa Phlean
 - bíonn an clár ama feitheoireachta don chlós súgartha ar taispeáint go soiléir sa seomra foirne agus tugtar cóip don mhúinteoir.
-
- Leabhar teagmhas/eachtraí/timpistí
 - Scríobhfaidh an múinteoir an tuairisc má tharlaíonn teagmhas/eachtra nó timpiste ar an gclós sa Leabhar Clóis. Tá múinteoir amháin i mbun feitheoireachta sa halla dóibh siúd a mbíonn timpiste acu nó gur gá dóibh fanacht istigh agus chun feitheoireacht a dhéanamh ar chúrsaí leithris.
 - Déantar teagmháil le tuismitheoir/caomhnóir más timpiste dáiríre atá ann nó má bhuaitear ceann an dalta. Sa chás go dtarlaíonn a leithead sa rang, déanfaidh an múinteoir ranga taifead i bhfillteán an mhúinteora.
 - I gcás timpiste dáiríre, líonfar an fhoirm ag deireadh an pholasaí seo agus coinneofar é san oifig i bhfillteán i gcomhairle leis an bpríomhoide. Beidh an leabhar seosa halla agus líonann an múinteoir atá sa halla é gach lá. . Cuirfear i gcuimhne do pháistí gur cheart dóibh bróga oiriúnacha a chaitheamh don Chorp Oideachais srl.
- Cód Iompair agus Frithbhulaíochta: -Féach an Plean Scoile
 - Ní mór an Polasaí um Chaomhnú Páistí, a théann leis na Treoirlínte um Chosaint Leanaí, a leanúint i gcás líomhna nó amhrais faoi mhí-úsáid leanaí (Féach Plean Scoile)
- Fóin So-ghluaiste: níor choir go mbeadh fóin in úsáid sa rang – tá am múinteoireachta an-thábhachtach agus níor choir go mbeadh cur isteach ar an am seo le fóin. Níl cead ag daltaí fóin sho-ghluaiste a úsáid ar scoil. Féach polasaí na scoile.

An Fhoireann

- Imréiteach ón nGarda Síochána
 - déanann an scoil seiceáil Gharda sula bhfostaítear duine msh rúnaí/cúntóir riachtanais speisialta/airíoch srl. Tá seiceáil Gharda déanta ag an gComhairle Múinteoireachta ar mhúinteoirí cáilithe agus orthú siud atá ag treanáil. Cloífead i gconáil leis na ciorcláin is nua maidir le cúrsaí fostaíochta agus caomhnú páistí
 -
- Caidreamh Dearfach Foirne: Féach ar Ag Obair le Chéile. Nósanna Imeachta agus Polasaí um Chaidreamh Dearfach Foirne. INTO 2000. Ar fáil freisin i Lámhleabhar Bhaill an Bhoird Bhainistíochta CPSMA
 - De reir mar thagann baill foirne nua chuig na scoile, beidh córas ionductaithe i bhfeidhm chun cabhrú leis an múinteoir dul i ngleic le cleachtais na scoile. Tríd an gcóras seo, agus tríd tacaíocht an phríomhoide agus baill bhainistíocht inmheanach na scoile tabharfar gach tacaíocht dóibh. Cabhróidh sé seo le atmaisfead oscailte a chruthú, rud a spreagfaidh aithne agus cairdeas. Tríd polasaí d'úinéireacht roinnte, spreagtar freagracht sa bhfoireann de reir mar a fhásanna sí agus go bhfuil siad tábhachtach de dhul chun cinn na scoile.
 - Cuirtear an fhoireann ar an eolas maidir le cleachtais maidir le bulaíocht do dhaoine fasta agus an próiseas gearáin. Beidh rochtán ag baill foirne ar G-Suite na scoile leis na polasaithe ar fad. Pléfead iad seo ag an gcéad cruinniú foirne den scoil. Tá na polasaithe ar fead ar fáil ar server na scoile chomh maith.
- tugtar oiliúint maidir le conas múchtóirí dóiteáin a úsáid/oiliúint chéad chabhair/manual handling/CALM de reir mar gur gá. Déantar seo a mheas mar chuid den mheasúnú riosca gach bliain.
- Tá trealamh sábháilte cuí ag an airíoch
- Tá eochracha ar fáil laistigh den scoil ar eagla go mbeadh duine faoi ghlas istigh ann

Trealamh agus ábhair

- coinnítear an áit stórála faoi ghlas.

Critéir Rathúlachta

Sainaithin roinnt táscairí praiticiúla do rathúlacht an bheartais

- Go laghdaítear líon na dtimpistí
- Go bhfuil suíomh sábháilte curtha ar fáil
- Go bhfuil timpeallacht ghlan curtha ar fáil.

Róil agus Freagrachtaí

Ainmnigh na daoine a bhfuil freagrachtaí ar leith orthu as gnéithe den pholasaí agus an tslí a gcomhlíonfaidh siad a ról

- An Bord Bainistíochta – tá freagracht ar gach ball den bhord maidir leis seo.
- An tOifigeach Sábháilteachta – Le ceapadh ag an mBord
- Ionadaí Sábháilteachta – Gary Hitchcock
- Gach ball foirne

Dáta don chur i bhfeidhm

Rinneadh an plean aithbhreithnithe seo a dhaingniú ag cruinniú boird 7/4/14 agus cuireadh i bhfeidhm é láithreach..

Rinneadh an plean seo a athbhreithniú i mí Meán Fomhair 2016

Rinneadh an plean seo a athbhreithniú i mí Meán Fomhair 2017

Rinneadh an plean seo a athbhreithniú i dTéarma 1 2020

Rinneadh an plean seo a athbhreithniú i dTéarma 2 2021/22

Clár ama don Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta a aithbhreithniú le linn na scoil bhliana 2015/16

Molann an HSA athbhreithniú a dhéanamh nuair a dhéantar aon athrú ar chleachtais oibre, pearsanra, nuair nach mbíonn cleachtas éifeachtach/dlistineach níos mó, nó faoi stiúir chigire HSA. Molann an HSA athbhreithniú a dhéanamh ar an ráiteas gach bliain ar a laghad.

Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta i Meán Fomhair 2017

Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta i Meán Fomhair 2018

Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta i Meán Fomhair 2021

Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta i dTéarma 2 2022/23

Daingniú & Cumarsáid

Rinne an Bord Bainistíochta aithbhreithniú ar an bpolasaí seo ag cruinniú Mí na Nollag 2010.

Déanfar aithbhreithniú air le linn na scoilbhliana seo chugainn de bharr an sineadh a bheith á thógáil.

Rinneadh audit proifisiúnta chomh maith ar an scoil agus tá teacht ar an taifead sin.

Rinneadh aithbhreithniú air seo i mí Márta 2014 agus daingníodh na leasaithe ar an 7/4/14.

Rinneadh aithbhreithniú air seo i mí Márta 2015 agus daingníodh na leasaithe ar an 23/3/15

Rinneadh aithbhreithniú air seo i mí Meán Fomhair 2016 agus daingníodh na leasaithe ar an 26/9/16

Rinneadh aithbhreithniú air seo i mí Meán Fomhair 2016 agus daingníodh na leasaithe ar an 25/9/17

Rinneadh aithbhreithniú air seo sa chéad téarma 2020 agus daingníodh na leasaithe ar an 24.11.20.

Mar chuid den athbhreithniú seo baineadh úsáid as treoirlínte de chuid an HSA agus déanfar amhlaidh amach anseo.

Rinneadh aithbhreithniú air seo sa dara téarma 2022 agus daingníodh na leasaithe ar an -----.

Siniú an Chathaoirligh: _____

Dáta: ____

An Mhír Thagartha

- Treoirlínte maidir le do Ráiteas Sábháilteachta a Ullmhú, HSA
- Treoir ghairid ar an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (www.hsa.ie)

- Tuairisc an Choiste Chomhairliúcháin ar an Ráiteas Sláinte & Sábháilteachta do Scoileanna. HSA. Tá formáid Ráitis Shábháilteachta sa tuairisc sin.
- Lámhleabhar Bhaill an Bhoird Bhainistíochta (CPSMA) 2007
- Lámhleabhar Breise do Bhunscoileanna faoi Bhainistíocht Phrotastúnach An Dara Eagrán lgh 22-27 Ráiteas Sábháilteachta a chur le chéile
- Treoirlínte INTO maidir le Ráiteas Sábháilteachta a chur le chéile
- Treoirleabhar maidir le hÁrachas, Sábháilteacht agus Slándáil sa Scoil. (2002). Church & General lgh 24-32
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (www.hsa.ie)
- “Tuairisc an Choiste Chomhairliúcháin ar Shláinte agus Sábháilteacht i Scoileanna.” An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, 10 Plás Uí Ógáin, Baile Átha Cliath 2. Teil.: 01 - 6147000
- Round Hall’s Primary Education Management Manual CD – ROM
- Mahon O. (2002) The Principal’s Legal Handbook.IVEA.Caib.3 Safety, Health & Welfare in School
- Ag Obair le Chéile. Nósanna Imeachta agus Beartais um Chaidreamh Dearfach Foirne. INTO 2000
- Treoirlínte faoi Gharchabhair (Cairt Innéacs) ó na hAonaid Réigiúnacha um Chothú Sláinte
- “Ionfhabhtú ar Scoil”. Lámhleabhar do phearsanra scoile ar fáil ó aonaid réigiúnacha um chothú sláinte ar www.healthpromotion.ie
- Ag Freagairt do Theagmhais Chriticiúla - Pacáiste Comhairle agus Faisnéise do scoileanna ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Cúirt Frederick, 24-27 Sráid Frederick Thuaidh, Baile Átha Cliath 1
- Solas (CPMSA) Samhain./Mí na Nollag 2006. lch. 3 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.
- Employee Assistance Service (EAS) for teachers, VHI Corporate Solutions. www.vhi.ie
- Solas (CPMSA). An t-Earrach 2007, lch 14. Employee Assistance Service for Teachers.
- InTouch, Mí na Nollag 2006, lch 10. Employee Assistance Service for Teachers.
- Solas (CPMSA), Samhradh 2007 lch 19. Supervision of pupils outside official school opening hours- a dilemma.
- Leadership+ , IPPN, Aibreán 2007. lch 16. Health & Safety for Senior Managers

Suímh Idirlín:

ROE	www.education.ie
CPSMA	www.cpsma.ie
INTO	www.into.ie
IPPN	www.ippn.ie
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	www.hsa.ie/osh
Allianz Insurance	www.allscoil.ie

Aguisín 1

Recommended Safety Statement Format from Report of the Advisory Committee on Occupational Safety and Health at First and Second Levels in the Education Sector to The Health and Safety Authority.

FORMAT FOR A SAFETY STATEMENT FOR SCHOOLS

SCHOOL NAME: _____

DOCTOR: _____

ADDRESS: _____

SCHOOL TYPE: _____

NAME / TEL OF:

Hospital / Ambulance _____

Fire Brigade _____

Safety Officer _____

Safety Representative _____

Person responsible for _____

First Aid: _____

Aguisín 1

This Safety Statement is aimed at protecting our employees from workplace accidents and ill health at work. It is our programme in writing to manage health and safety. The Safety Statement is available to our employees, outside services providers and Inspectors of the Health and Safety Authority. We will update it as necessary and it will be reviewed at least once a year. In particular we undertake, so far as is reasonably practicable, to comply with all relevant health and safety legislation to include the following areas:

- *Provision of a safe workplace*
- *Safe access and egress routes*
- *Safe handling and use of laboratory chemicals*
- *Safe equipment including maintenance and use of appropriate guards*
- *Provision of appropriate personal protective equipment.*

Signed: _____ **Date:** _____

Manager/Chairperson Board of Management

Name of Deputy (in absence of above): _____

Employees are reminded of their responsibilities under the 1989 Safety, Health and Welfare at Work Act

- *to take reasonable care for their own safety, health and welfare and that of others.*
- *to make proper use of all machinery, tools, substances etc.*
- *to make proper use of personal protective equipment.*

Aguisín 2

Aithint Guaiseacha, Measúnú Riosca agus Gníomh (Gníomhartha) a Rinneadh					
Contúirtí	Riosca Íseal/Meánach/ Ard	Riosca do dhaoine	Gníomh a Rinneadh	Dáta	Duine freagrach

Aguisín 2

Aguisín 3

Iniúchadh Scoile Bliantúil

A. **Sábháilteacht Dóiteáin. Taifead Scoile don Scoilbhliain _____**

Cleachtas Dóiteáin			Trealamh Dóiteáin		
Dáta an Chleachta is Dóiteáin	Breathnuithe	Réimsí a aithníodh ar gá feabhas a dhéanamh orthu an chéad uair eile	Dáta a Seiceáladh	Feabhsaithe a rinneadh & dáta	Breathnuithe

Aguisín 3

Aguisín 4

Iniúchadh Scoile Bliantúil

B. Timpeallacht na scoile Taifead Scoile don Scoilbhliain _____

Dáta	Damáiste/Guais Aitheanta Contúirtí Aitheanta	Áit sa scoil	Tuairiscithe do... Dáta	Gníomh a Rinneadh	Costais/Breathnuithe etc agus an tsábháilteacht á cothabháil

Aguisín 4

Aguisín 5
Tuairisc ar Thimpistí i dtimpeallacht na scoile (Do Thaifid Inmheánacha na Scoile)

Ainm: _____

Rang: _____

Dáta na Timpiste: _____

Am na timpiste: _____

Áit na Timpiste: _____

Baill foirne le dualgais feitheoireachta nuair a tharla an timpiste: _____

Faisnéis maidir le coinníollacha na timpiste:

Finné 1 _____

Finné 2 _____

Aon fhaisnéis bhreise:

Gníomh a Rinneadh: _____

Síniú: _____

Dáta: _____

(TABHAIR FAOI DEARA: De réir an dlí, ní mór an tÚdarás Sláinte & Sábháilteachta a chur ar an eolas nuair a chúisíonn timpiste bás nó nuair a chuireann sé bac ar dhuine fostaithe obair ar feadh níos mó ná 3 lá. Mínítear é sin go

Aguisín 5

mion i Lámhleabhar CPSMA agus tá foirm thuairiscithe chaighdeánach leis. Ní mór cuideachta árachais na scoile a chur ar an eolas faoi thimpistí dáiríre a tharlaíonn sa scoil nó le linn gníomhaíochtaí a bhaineann leis an scoil.)